Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14761/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0313(NLE)

SAN 621
FISC 243
UD 241

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac – an deichiú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe (COP10) (Panama, an 20-25 Samhain 2023)<br>(a) Cinneadh ón gComhairle maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an deichiú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe chuig Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac<br>- Glacadh<br>(b) Seasaimh an Aontais agus comhsheasaimh<br>- Formheas |

1. Tionólfar an deichiú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe (COP10) chuig Creat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac (dá ngairtear 'FCTC' anseo feasta) in Panama ón 20-25 Samhain 2023.

2. An 7 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an deichiú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe chuig gCreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac[1], bunaithe ar Airteagal 114 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE. Áiríodh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra seasaimh maidir le beagnach gach mír ar Chlár Oibre COP10.

3. Ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Deireadh Fómhair 2023, chinn Coiste na mBuanionadaithe cur chuige hibrideach[2]. Is éard a bhí i gceist leis sin an dréachtchinneadh leasaithe ón gComhairle agus an t-aguisín lena n-áirítear na seasaimh maidir leis na trí mhír de Chlár

[1] 12851/23 + ADD 1
[2] 14194/1/23 REV 1

Oibre COP10 a shainaithin an Coimisiún ina thogra mar mhír a bhfuil éifeacht dhlíthiúil aige ar thaobh amháin, agus nóta lena n-áirítear seasaimh an Aontais agus comhsheasaimh maidir leis an gcuid eile de mhíreanna Chlár Oibre COP 10, ar an taobh eile.

Le hathrú amháin, tháinig an Coiste ar chomhaontú d'aon toil maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle agus maidir leis an aguisín a ghabhann leis[3] . Le hathrú amháin, tháinig an Coiste ar chomhaontú trí chomhthoil freisin maidir leis an nóta le seasaimh agus comhsheasaimh an Aontais[4]. Chomhaontaigh an Coiste a mholadh don Chomhairle iad a ghlacadh agus a fhormheas mar mhíreanna 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

4. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar an gComhairle:

- an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an deichiú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe chuig Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (FCTC), tar éis do na dlítheangeolaithe athbhreithniú a dhéanamh orthu, mar a leagtar amach in 14437/23 iad, agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a leagtar amach in 14437/23 ADD1 í;

- seasaimh agus comhsheasaimh an Aontais a fhormheas le haghaidh an deichiú seisiúin de Chomhdháil na bPáirtithe chuig Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (FCTC), mar a leagtar amach in 14595/23 iad;

- na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chuir i miontuairiscí na Comhairle;

- Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle (14437/23) agus faoin Iarscríbhinn a ghabhann leis (14437/23 ADD1) i gcomhréir le hAirteagal 218 (10) CFAE;

- a chomhaontú, i bhfianaise íogaireacht an Chinnidh ón gComhairle agus an aguisín, gur cheart a bhfoilsiú san Iris Oifigiúil a chur siar go dtí an 1 Nollaig 2023 ar a luaithe.

---

[3] 13837/23 + ADD 1
[4] 14172/23